



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2015
(OR. en)

9146/15

FIN 378
DEVGEN 80
COHAFA 49
ACP 84
RELEX 417

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2014 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Tacaíocht an Aontais Eorpaigh don athshlánúchán tar éis an chreatha talún i Háítí"

Ag an gcuinniú a bhí aici an 26 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2014 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Tacaíocht an Aontais Eorpaigh don athshlánúchán tar éis an chreatha talún i Háítí"

1. Is díol sásaimh don Chomhairle í Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2014 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Tacaíocht an Aontais Eorpaigh don athshlánúchán tar éis an chreatha talún i Háítí."¹
2. Tugann an Chomhairle dá haire go molann an Chúirt sa tuarascáil i ndáil le cásanna leochaileacha iarthubaiste, gur cheart don Choimisiún agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a dhéanamh mar a leanas:
 - Feabhas a chur ar bhainistiú an riosca, go mórmhór tríd an aird iomchuí a thabhairt ar rioscaí oibríochtúla, polaitiúla, muiníneachta agus rioscaí eile maidir le cuspóirí an chláir a bhaint amach agus trí bhearta a bhunú chun na rioscaí sin a chosc nó a mhaolú;
 - A chinntiú go mbeidh nascacht agus sinéirgí níos fearr agus níos éifeachtaí idir na bearta fóirithinte, athshlánaithe agus forbartha - go háirithe trí straitéis choiteann a bheith ag seirbhísí an Choimisiúin;
 - Leanúint de bheith ag díriú ar na príomhfheidhmeanna agus na hathchóirithe i ndáil le bainistiú an airgeadais phoiblí nuair a bheadh módúlachtaí tacaíochta buiséadaí á n-úsáid acu agus bearta gearrthéarmacha a ghlacadh, nuair is gá sin, chun cistí an Aontais Eorpaigh a chosaint;
 - Nósanna imeachta don leanúnachas gnó a fhorbairt, go háirithe trí fhorálacha maidir le haslonnú éigeandála pearsanra i dToscaireachtaí an Aontais Eorpaigh a thabhairt isteach, agus trína chinntiú go mbeidh dóthain acmhainní ann don fhaireachán.

¹ IO C 334, 25.9.2014, lch. 7.

3. Aithníonn an Chomhairle gur gá straitéis choiteann má táthar chun Nasc a bhunú idir Fóirithint, Athshlánú agus Forbairt (LRRD) in gach réimse de ghníomhaíochtaí an Aontais. Dá réir sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, feabhas a chur, i gcás inarb iomchuí, in éineacht le deontóirí eile, ar an gcomhordú a dhéantar ar thionscadail agus ar chláir dhaonnúla agus forbartha, lena n-áirítear trí chlársceidealú i gcás inarb iomchuí sin, lena chinntiú gur éifeachtach an nascacht agus na sinéirgí a bheidh ann.
4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur ríthábhacht fós iad na hiarrachtaí chun LRRD a chur chun cinn má táthar chun an athléimneacht a fhorbairt² agus chun forbairt dhaonna inbhuanaithe a bhaint amach, laghdú na bochtaineachta³ san áireamh. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndéantar an cur chuige LRRD a comhtháthú go hiomlán agus go córasach i dtimthriall cistiúcháin 2014-2020, go háirithe sa Chlár Náisiúnta Tásach do Háití.
5. Dearbhaíonn an Chomhairle gur dlúthchuid é de bheartas seachtrach an Aontais Eorpaigh cúnamh a thabhairt do Stáit atá buailte le tubaiste agus leochaileach dá réir, trí mheán na tacaíochta buiséadaí, ach go mbaineann dúshlán leis sin freisin agus meabhraítear gur bunaithe ar an muinín agus an chuntasacht chomhpháirteach atá an Comhaontú Nua le haghaidh Rannpháirtíochta i Stáit Leochaileacha, agus freisin ar phróisis aistrithe a bheadh á stiúradh agus faoi úinéireacht na tíre í féin, ar próisis iad a mbaineann rioscaí leo is féidir a bhainistiú ach nach féidir riamh a chur as an áireamh go huile agus go hiomlán. Ba cheart an comhordú le deontóirí eile i ndáil le hoiriúnú rioscaí agus straitéisí maolaithe don chomhar um fhorbairt le Háití a neartú, agus modus operandi na cabhrach daonnúla á lánurramú i gcónaí.

² 9325/13: "Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige an Aontais Eorpaigh i leith na hAthléimneachta". An doiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún freisin "Plean Gníomhaíochta don Athléimneacht i dTíortha atá faoi shíorbhagairt na Géarchéime 2013-2020"

³ 9369/12: "Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tionchar a bhíonn ag Beartas an AE um Fhorbairt a Mhéadú: Clár Oibre don Athrú".

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart tacaíocht bhuiséadach ón Aontas Eorpach a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach lena gcabhrófaí leis an mbochtaineacht a laghdú agus leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus ar bhealach lena léireofaí na cuspóirí, tairbhí agus rioscaí sonracha sa tír comhpháirtíochta mar aon lena bhfuil indéanta ann. Fáiltíonn an Chomhairle roimh a bhfuil déanta ag an gCoimisiún agus tugann dá haire an Conradh reatha Tacaíochta le haghaidh Chomhdhlúthú an Stáit faoi mhódúlacht na cabhrach tacaíochta buiséadaí do stáit leochaileacha, agus is díol sásaimh di gur áirithíodh an earnáil "Athchóiriú Stáit agus Nuachóiriú an Riaracháin Phoiblí" sa Chlár Tásach Náisiúnta 2014-2020". Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart gur bunaithe ar gach cás ar leith a bheadh aon tacú buiséadach a chuirfí ar fáil i bhfoirm na gConarthaí Tacaíochta le haghaidh Chomhdhlúthú an Stáit, agus go ndéanfaí na tairbhí agus na rioscaí a d'fhéadfadh bheith ag gabháil leis a mheasúnú, móide anailís ar mhódúlachtaí eile cabhrach a bheadh ar fáil agus ar an gcostas a bhainfeadh le gan tada a dhéanamh. Ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an tacaíocht sin, agus ar an gcaiteachas a bhaineann léi.⁴
7. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí béim a leagan ar a thábhachtaí atá athchóiriú bhainistiú an airgeadais poiblí (PFM) ina cuid cainte le rialtas Háítí, agus tacaíocht leordhóthanach fothaithe acmhainní agus fócas a chur ar fáil do na príomhfheidhmeanna PFM.
8. Meabhraíonn an Chomhairle gur fhreagair an tAontas agus na Ballstáit go gasta tráth an chreatha talún i Háítí an 12 Eanáir 2010 trí chúnamh daonnúil éigeandála agus saineolaithe cúnamh dhaonnúil agus saineolaithe cosanta sibhialta a chur ar fáil ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit, maille leis na hiarrachtaí a rinneadh na Ballstáit i réimse an chomhair chonsalaigh. Fáiltíonn an Chomhairle roimh bhunú nósanna imeachta don leanúnachas gnó, faoi fhreagracht na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, agus na forálacha maidir le haslonnú éigeandála do phearsanra uile Thoscaireachtaí an Aontais ó a tugadh isteach ó tharla an crith talún i Háítí in 2010.

⁴ 9371/12: "Conclúidí ón gComhairle maidir leis An gCur Chuige a bheidh ann amach anseo i ndáil le Tacaíocht Bhuiséadach ón Aontas Eorpach do Thrú Tíortha".

9. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, leanúint den obair, lena chéile agus i gcomhordú le Ballstáit an Aontais, maille le deontóirí eile, agus lánurraim acu ar na prionsabail dhaonnúla agus, ag an am céanna, ról lárnach na Náisiún Aontaithe á aithint ó thaobh ceannaireacht agus comhordú a dhéanamh ar na hiarrachtaí daonnúla idirnáisiúnta, chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh ar cheisteanna daonnúla agus forbartha, sainiú coiteann a dhéanamh ar réitigh agus ar roinnt an ualaigh, i gcomhthéacs an chlársceidealaithe freisin i gcás inarb iomchuí sin, chun cabhrú le cumas teacht aniar na ndaoine is leochailí i Háítí.
10. Mar fhocal scoir, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an rannpháirtíocht mheántéarmach agus an rannpháirtíocht fhadtéarmach chun tacú le Háítí aistriú ó chéim an athshlánúcháin chuig céim na forbartha. Dearbhaíonn an Chomhairle gur dhlúthchuid de thosaíochtaí comhair an Aontais Eorpaigh í an tacaíocht sin i gcónaí.
